



Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP)

Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

An Dara hEagrán

An Clár Ábhar

An Réamhrá	4
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	4
Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe	5
Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú	5
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích	6
Measúnú Rangbhunaithe in OSSP (gearrchúrsa)	8
Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích	9
Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire	11
Na leibhéil ghnóthachtála do na Measúnuithe Rangbhunaithe	12
Na Gnéithe Cáilíochta	14
Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú	15
Aguisín: Teimpléad pleanála	16

An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP): Treoirínite don Mheasúnú Rangbhunaithe*:

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht do ghearrchúrsa OSSP na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoirínite don mhúinteoir agus don scoil maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích.

Ba chóir na treoirínite seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht do ghearrchúrsa OSSP na Sraithe Sóisearaí agus leis na *hUirlisí don Mheasúnú* don tSraith Shóisearach. Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ag <https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

I ngearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, beidh réimse cuir chuige measúnaithe in úsáid le cur leis an bhfoghlaim. Áireofar leo sin measúnuithe leanúnacha, lena n-áirítear tascanna agus scrúduithe rialta a cheapfaidh an múinteoir; measúnú leanúnach don scoláire atá ag tabhairt faoi aonaid foghlama tosaíochta ag Leibhéal 2; agus measúnú rangbhunaithe amháin.

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tasc(anna) sonracha(a) a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó i sonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Déantar cur síos ar an Measúnú Rangbhunaithe do OSSP agus leagtar amach freisin na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora, sna treoirínite seo.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire agus d'fhéadfaí é a thairfeadh chomh maith i gcomhair cruinnithe foghlama agus measúnaithe. Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair

baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san fhad ama a thugtar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig. Samhlaítear go ndéanfar an t-ullmhúchán i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus go gcuirfear i gcrích é thar thart ar 6-8 n-uair an chloig d’am ranga. Cé nach gá do scoileanna an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí a dhéanamh ag an am céanna, ní féidir Measúnú Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairisciú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a chur i gcrích sa chéad bhliain. Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe seo a chur i gcrích sa dara bliain nó sa tríú bliain.

Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá spéiseanna agus riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d’fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a athrú freisin, ionas go léirítear foghlaim an scoláire ann. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil [anseo](#) d’aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil le cur i gcrích an mheasúnaithe ach:

- a chinntiú go dtugtar *an tSonraíocht agus na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críocha cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú
- na treoirlínte do chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú a leagtar amach sa cháipéis seo a chur i bhfeidhm
- a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Agus fianaise á bailiú chun críocha measúnaithe i nGearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé tábhachtach go n-úsáideann an múinteoir cuir chuige atá inbhuanaithe agus comhréireach. Toisc go mbaineann measúnú le cur ar chumas an mhúinteora torthaí a fheabhsú don scoláire, tá sé tábhachtach nach mbeadh páipéarachas ná próisis chasta mar chonstaic le foghlaim agus teagasc. Is gá go dtacódh páipéarachas le foghlaim seachas a bheith mar thoradh ann féin.

Cé gur chóir go mbeadh breithiúnais mheasúnaithe bunaithe ar fhianaise a tharraingítear go príomha ó foghlaim agus teagasc laethúil, níl aon ghá fóiliónna móra fianaise a bhailiú le tacú leis sin. Trí rúin foghlama agus critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe a chomhroinnt, ba chóir don mhúinteoir aird a tharraingt ar an ról is féidir leis an scoláire a imirt chun fianaise cháilíochta a shainnithint óna shaothar féin le húsáid chun críocha measúnaithe.

Bealach amháin is ea próiseas pleanála éifeachtúil ina sainnithnítear cén uair agus cén chaoi a ngabfar príomhghnéithe den foghlaim mar fhianaise don mheasúnú lena chinntiú go bhfanann gearrchúrsaí in-bhainistithe agus inbhuanaithe. Seachnaítear sa chur chuige seo fianaise iomarcach agus mhíchúí a bhailiú maidir le feidhmíocht an scoláire agus féadtar pléití i gcruinniú athbhreithnithe a thabhairt ar aghaidh ar bhealach struchtúrach. Seachnaítear chomh maith an brú ag deireadh an chúrsa chun fianaise a lorg agus a shainnithint le tacú le breithiúnais maidir le feidhmíocht ar an iomlán.

Ionas gur féidir aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críocha measúnaithe amháin. Tá sé i gceist go dtabharfadh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfadh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a úsáid chun smaointeoireacht an scoláire a spreagadh
- aiseolas foirmitheach a thabhairt don scoláire ag amanna tábhachtacha chun a chinntiú go bhfanann sé ar an mbóthar ceart
- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Níl sé i gceist leis an leibhéal tacaíochta seo go mbeadh ar an múinteoir dréacht-tuairiscí a chur in eagar, ná téacs ná freagraí eiseamláire a chur ar fáil lena n-úsáid i bhfianaise an scoláire ar fhoghlaim.

Measúnú Rangbhunaithe in OSSP (gearrchúrsa)

Beidh an measúnú in OSSP rangbhunaithe. Bíonn Measúnú Rangbhunaithe amháin ann, ar féidir é a dhéanamh sa dara nó sa tríú bliain, ag brath ar an gcaoi a socraítear amchlár an gearrchúrsa. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Measúnú Rangbhunaithe: Taifead ar Ghníomh Saoránachta

Cuirfidh an scoláire trí ghníomh saoránachta ar a laghad i gcrích mar chuid dá fhoghlaim sna trí shnáithe de gearrchúrsa OSSP. Cruthóidh an scoláire Taifead ar Ghníomh do cheann amháin díobh sin ina Mheasúnú Rangbhunaithe.

Céard is Taifead ar Ghníomh Saoránachta ann?

Léirítear sa Taifead ar Ghníomh Saoránachta an chaoi a ndeachaigh scoláire i ngleic go gníomhach le ceist nó le hábhar spéise agus gabhtar ann an gníomh a rinneadh agus tuairimí an scoláire air.

Tá níos mó ná tuairisc i gceist leis an Taifead ar Ghníomh Saoránachta. Cuireann sé in iúl an chaoi a ndeachaigh an scoláire i ngleic go pearsanta le gníomh saoránachta a bhfuil spéis aige ann agus ar an méid a d'fhoghlaim sé ón taithí. Tá sé tábhachtach nach gceapfadh an scoláire go gcuirtear an Taifead ar Ghníomh Saoránachta i dtoll a chéile i ndiaidh an Ghnímh. De réir mar a théann sé i mbun a ghníomh saoránachta a phleanáil, taighde a dhéanamh air agus é a chur i bhfeidhm, caithfidh sé fianaise ar gach céim a ghabháil (le grianghraif, físeán, leabhar gearrthóg, OneNote nó a leithéid). Léireoidh an fhianaise sin an chaoi a ndeachaigh sé i ngleic go pearsanta leis an ngníomh agus is dlúthchuid den Taifead é.

Tá roghanna ag an scoláire maidir leis an gcaoi a gcuireann sé a Thaifead ar Ghníomh Saoránachta i láthair. Is féidir é a dhéanamh i bhformáid scríofa, dhigiteach, físe agus/nó fuaime agus féadfar tacú leis sna formáidí seo trí agallamh nó cur i láthair a úsáid.

D'fhéadfadh sé go gcabhródh sé leis an scoláire a mhachnamh a bhunú ar cheisteanna treorach nuair atá a Thaifead ar Ghníomh á chruthú aige. Is **ceisteanna samplacha machnaimh** iad seo a leanas.

Féadfaidh an scoláire treoir a fháil uathu, ach ní gá dó a bheith teoranta acu:

- Cén fáth ar roghnaigh mé an gníomh/an cheist seo?
- Céard a theastaigh uaim/uainn a bhaint amach?
- Cén chaoi ar chuir mé leis an ngníomh?
- Céard a d'fhoghlaim mé faoin gceist/topaic?
- Cé na scileanna a d'fhorbair mé?
- Cén chaoi ar athraíodh mo dhearcthaí nó mo mheonta, nó cén dúshlán a tugadh dóibh nó cén chaoi ar dearbhaíodh iad?
- Céard iad mo mhachnaimh ar mo chuid foghlama ar an iomlán agus cén tionchar a bheidh aige sin orm anois agus amach anseo?

Féadfaidh an scoláire tabhairt faoi gníomh i ngrúpa. Tá tábhacht leis sin in OSSP mar a mbíonn an scoláire ag foghlaim faoin gcumhacht fhéideartha atá ag an gcomhoibriú chun athruithe a chur i bhfeidhm. Is gá do gach scoláire, áfach, Thaifead ar Ghníomh Saoránachta a chruthú leis féin agus díreofar sa mheasúnú rangbhunaithe seo ar ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonarach leis an obair. Ní féidir glacadh le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú lena thuairisciú i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích:

Tá ceangal díreach idir measúnú in OSSP agus aidhm agus torthaí foghlama an ghearrchúrsa. Leagtar an-bhéim sa chúrsa ar fhorbairt scileanna don tsaoránacht ghníomhach, lena gcois siúd a chothaíonn acmhainn an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim agus ar a ghníomhartha. Ní hamháin go mbíonn an scoláire ag foghlaim *faoi* chearta agus freagrachtaí an duine, an tsaoránacht dhomhanda, forbairt inbhuanaithe, dlí agus daonlathas, tá cearta, freagrachtaí agus cinnteoireacht á bhfeidhmiú aige sna bealaí ina bhfuil sé ag foghlaim agus á mheasúnú. Is tábhachtach go gcuireann an measúnú in OSSP le cumhachtú an duine óig le bheith ina shaoránach níos eolaí, níos gníomhaí agus níos machnamhaí.

CÉIMEANNA

- Bíonn measúnú rangbhunaithe maith bunaithe ar theagasc agus ar fhoghlaim mhaith. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach nach gcuirtear tús leis an measúnú rangbhunaithe róluath; caithear am a chaitheamh ar dtús ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama a bhaineann le torthaí foghlama ábhartha éagsúla.
- I dteannta an ranga nó i ngrúpa beag, roghnaíonn an scoláire ceist ar údar fíorspéise agus imní dó í, a bhaineann le ceann de na topaicí a ndearna sé staidéar orthu. Moltar gníomhartha difriúla féideartha faoi gach snáithe sa tsonraíocht agus is aidhm dóibh sin roghanna a thairiscint agus freastal ar réimse d'ábhair spéise agus de chumais i measc scoláirí. Is féidir leis an múinteoir agus an scoláire gníomhartha eile seachas iad siúd a mholtar ag deireadh gach snáithe a roghnú.
- Déanann an scoláire taighde ar an ábhar, an réimse gníomhartha indéanta a mheas, buntáistí gníomhartha difriúla a chur sa mheá, sonraí nó faisnéis a chuardach le bonn eolais a chur faoina chinneadh, dul i gcomhairle le grúpaí nó le heagraíochtaí atá ag obair ar an gceist seo cheana agus úsáid a bhaint as an bhfaisnéis seo le bonn eolais a chur faoina phlean gnímh. Is féidir cuid den taighde agus pleanáil a dhéanamh mar obair baile an scoláire.
- Forbraíonn an scoláire plean gnímh lena chomhscoláirí ina gcinntítear go mbíonn ról suntasach ag gach ball den ghrúpa.
- Cuirtear an gníomh i bhfeidhm. Ná déan dearmad go gcaithfidh gach scoláire an méid a chuir sé féin leis an obair a thairfeadh chomh maith le machnamh ar an obair i rith an phróisis.
- Déanann sé cinneadh faoin mbealach a chuirfead an Taifead ar Ghníomh Saoránachta i láthair. Mar shampla, is féidir an Taifead a scríobh de láimh, é a chur i láthair ó bhéal, ar fhíseán, mar chur i láthair digiteach, in agallamh, mar phóstaer nó mar mheascán díobh siúd.

D'fhéadfaí deis a thabhairt don scoláire freisin gnéithe dá Thaifead ar Ghníomh a chur i láthair do lucht féachana cuí ag deireadh an phróisis seo.

Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire

Ba chóir don scoláire cuimhneamh orthu seo a leanas:

- Ba chóir gníomh atá tábhachtach dar leat a roghnú. Beidh an próiseas iomlán níos spéisiúla agus níos mealltaí dá thoradh, lena n-áirítear an Taifead ar Ghníomh Saoránachta a chruthú.
- Tá sé tábhachtach taifead a choinneáil de do chuid taighde, do phleanáil, na himeachtaí a eagraíodh, na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo, na príomhphointí foghlama agus do mhachnamh i rith an phróisis. Úsáidfear iad sin mar bhunús an Taifid ar Ghníomh Saoránachta.
- Tóg grianghraif le linn an ghnímh le híomhánna a ghabháil d'imeachtaí nó ócáidí tábhachtacha agus leis an ról a d'imir tú féin sa ghníomh a léiriú. D'fhéadfadh gabhálacha scáileáin cabhrú freisin mar go léireoidh siad ríomhphoist a sheol tú nó a fuair tú, eolas a d'aimsigh tú nó sonraí a bhailigh tú. Beidh na grianghraif agus na gabhálacha scáileáin sin ina ndlúthchuid den Taifead ar Ghníomh.
- Smaoinigh ar bhealaí a d'fhéadfá do chruthaitheacht a úsáid chun an chaoi ar chuir tú an gníomh i bhfeidhm a thaispeáint agus chun do thaifead a chur i láthair. (Roinnfidh do mhúinteoir neart ceistanna machnaimh leat, féach lch 9).
- Ba chóir go mbeadh cur amach agat ar na Gnéithe Cáilíochta, a roinnfidh do mhúinteoir leat. Is iad sin na critéir a úsáidfear chun do Thaifead ar Ghníomh a mheasúnú.
- Déanfaidh an múinteoir monatóireacht ar an ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe. Ní ghlacfar le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú chun críocha measúnaithe.
- Cé gur féidir a bheith ag obair i ngrúpaí le tabhairt faoi ghníomhartha grúpa, caithfidh gach scoláire Taifead ar Ghníomh Saoránachta dá chuid féin a chruthú. Díreofar sa tuairisciú ar OSSP i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar an ról agus ar an méid a chuireann tusa go haonarach leis an obair.

Na leibhéil ghnóthachtála do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirínte seo (Ich 14), leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir ratha a roinntear leis an scoláire agus a úsáidtear le hobair an scoláire a mheasúnú.

Is ann do cheithre thuaisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.*

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnamh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Measúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (ag tosú le Níor chomhlíon na hionchais go fóill) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe

Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Na Gnéithe Cáilíochta: OSSP – Taifead ar Ghníomh Saoránachta

Thar barr ar fad

Léirítear sa taifead ar ghníomh mar a ndeachaigh an scoláire go hiomlán agus go héifeachtach i ngleic le gníomh fóna.

Tá caighdeán den scoth i machnamh pearsanta¹ an scoláire ar a chuid foghlama.

Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach cuimsitheach, cruthaitheach atá thar a bheith éifeachtach.

Os cionn na n-ionchas

Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach a ndeachaigh an scoláire i ngleic le gníomh fóna.

Tá caighdeán maith i machnamh pearsanta an scoláire ar a chuid foghlama.

Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach eagraithe, cruthaitheach agus éifeachtach.

Ag teacht leis na hionchais

Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach a ndeachaigh an scoláire i ngleic leis an ngníomh.

Tá roinnt fianaise ann ar mhachnamh pearsanta ar a chuid foghlama.

Cuirtear an taifead ar ghníomh i láthair ar bhealach eagraithe ina bhfuil roinnt cruthaitheachta.

Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Tá fianaise teoranta ann ar rannpháirtíocht phearsanta sa ghníomh a rinneadh.

Tá fianaise an-teoranta ann ar mhachnamh an scoláire ar a chuid foghlama.

Tá achoimre an-bhunúsach ar fhaisnéis sa taifead ar ghníomh cé gur beag soiléireacht nó cruthaitheacht atá ann.

¹ Is féidir an scoláire a threorú leis na ceisteanna samplacha machnaimh ar lch 9 nó a leithéid

Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú. Bailíonn múinteoirí samplaí de shaothar scoláirí agus cuireann a mbreithiúnais i gcomparáid le comhghleacaithe eile. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Nuair a bhíonn múinteoir aonair ar ghearrchúrsa i scoil, nuair is indéanta, glacfaidh an múinteoir páirt i gcruinniú Athbhreithnithe Foghlama agus Measúnaithe le scoil eile. Fiosrófar cumas TFC le tacú leis na cruinnithe sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoi na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh iontu ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá>.

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar a bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe athbhreithnithe a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. **Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas foirmitheach a úsáid le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.**

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnú Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Aguisín 1 NUA!

Teimpléad chun tacú le Measúnú Rangbhunaithe OSSP a phleanáil

Bliainghrúpa:	Múinteoir:	Dáta:
1. Teideal an Mheasúnaithe Rangbhunaithe (cur síos gearr, beacht. .i. <i>imeacht feasachta a eagrú</i>)		
2. Béim ar na torthaí foghlama (roghnaigh cúpla toradh foghlama ó ghearrchúrsa OSSP ar a ndíreofar an teagasc agus foghlaim, agus a mheasúnófar leis an measúnú rangbhunaithe)		
3. Comhthéacs teagaisc agus foghlama (cur síos gearr ar na gníomhaíochtaí foghlama roimh an measúnú rangbhunaithe)		
4. Na Gnéithe Cáilíochta (tabhair faoi deara: is leagan a thuigfidh an scoláire go héasca na Gnéithe Cáilíochta seo) <ul style="list-style-type: none">• Léirítear sa Taifead ar Ghníomh an méid a rinne mé agus mar a chuaigh mé i ngleic le gníomh fóna.• Rinne mé machnamh ar an méid a d'fhoghlaim mé agus ar an tionchar a bheidh aige sin orm anois agus amach anseo.• Cuirtear mo Thaifead ar Ghníomh i láthair ar bhealach cuimsitheach, cruthaitheach agus éifeachtach.		
5. Cé na formáidí a úsáidfear chun an measúnú rangbhunaithe a chur i láthair? (m.sh. físeán, scríofa, cur i láthair ó bhéal, meascán formáidí)		